Culture and Creativity Plan 2017

Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme
2017–2022

Creative Ireland Monaghan
Éire Ildánach Muineacháin

Contents
ÁBHAR

Foreword	4	Réamhrá
The Creative Ireland Programme	7	Clár Éire Ildánach
The Creative Ireland Team in Monaghan	10	Foireann Éire Ildánach i Mhuineacháin
Implementation	13	Cur i bhFeidhm
Projects for 2017	14	Tionscadail don bhliain 2017
Promotional Events 2017	21	Imeachtaí Poiblíochta 2017

Foreword
RÉAMHRÁ

It is my great pleasure as Cathaoirleach of County Monaghan, to welcome Monaghan County Council's 'Culture and Creativity Plan 2017'.

The Creative Ireland Programme is a culture based programme designed to promote individual and community well-being. The 2016 commemoration programme highlighted the importance of culture and arts in our society. This was clearly evident in firstly, the engagement and enthusiasm of the community groups in developing a broad range programme of events and secondly, the sheer volume of participation of people who attended these events. Through the medium of arts, from music, song, dance, drama, literary to artistic expression, we rediscovered the power of cultural creativity to bring communities together.

The Monaghan Culture and Creativity Plan 2017 will build on the achievements of the 2016 commemorations, and will see the Culture Team engage with the community through a cultural programme of activities involving local cultural and heritage centres, artists and festivals. I would hope to see as many people participate in these events.

I welcome the support and assistance from Minister Humphreys and the Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs and the Department of Housing, Planning, Community and Local Government to implement this plan for 2017 and to further develop a 5 year plan for the county. I encourage all citizens of County Monaghan to participate in the consultation process in developing a 5 year 'Creative and Cultural Strategy for Monaghan' which main aims will be of collaboration, communications and community engagement.

I wish to thank the Monaghan Culture Team, for their work in the preparation of this plan and look forward to the 2017 programme.

PJ O'Hanlon
Chairperson

Is mór an pléisiúr dom é, mar Chathaoirleach Chontae Mhuineacháin, fáilte a chur roimh 'Phlean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017' Chomhairle Contae Mhuineacháin.

Is ionann Clár Éire Ildánach agus clár atá bunaithe ar an gcultúr agus atá ceaptha le folláine aonair agus pobail a chur chun cinn. Le clár comórtha 2016 aibhsíodh an tábhacht atá leis an gcultúr agus leis na healaíona inár sochaí. Léiríodh é sin go soiléir sa chéad dul síos le rannpháirtíocht agus díocas na ngrúpaí pobail agus iad ag cur clár fairsing imeachtaí le chéile agus ansin le líon ollmhór na ndaoine a ghlac páirt agus a d'fhreastail ar na himeachtaí sin. Trí mheán na n-ealaíon, idir cheol, amhránaíocht, damhsa, amharclannaíocht agus léiriú litearthа agus ealaíne, d'athaimsigh muid an chumhacht atá ag an gcruthaitheacht chultúrtha chun pobail a thabhairt le chéile.

Tógfaidh Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017 Mhuineacháin ar an méid a baineadh amach le cuimhneacháin 2016, agus beidh an Fhoireann Chultúir i dteagmháil go gníomhach leis an bpobal trí chlár cultúrtha gníomhaíochtaí lena mbeidh ionaid chultúir agus oidhreachta, ealaíontóirí agus féiltí áitiúla i gceist. Bheinn ag súil leis go nglacfadh an líon céanna daoine páirt sna himeachtaí seo. Cuirim fáilte roimh thacaíocht agus cabhair an Aire Humphreys, na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil leis an bplean seo a chur i bhfeidhm do 2017 agus le plean breise 5 bliana a chur le chéile don chontae. Molaim do shaoránaigh uile Chontae Mhuineacháin bheith páirteach sa phróiseas comhairliúcháin agus 'Straitéis Chruthaitheach agus Chultúrtha do Mhuineachán' á forbairt, a mhairfidh 5 bliana agus a mbeidh sé mar phríomhaidhm leis comhar, cumarsáid agus rannpháirtíocht an phobail a bhaint amach

Is mian liom buíochas a ghabháil le foireann Chultúir Mhuineacháin as a gcuid oibre leis an bplean seo a ullmhú agus táim ag súil le clár 2017.

PJ O'Hanlon
An Cathaoirleach

As Chief Executive of Monaghan County Council, I am delighted to introduce firstly the Monaghan Culture Team, and secondly this Culture and Creativity Plan 2017 for County Monaghan.

This plan will build on the momentous community engagement programme in 2016 led by the County Council, which ultimately has put culture, arts and creativity to the heart of community engagement.

We are very fortunate to have a team of staff who are dynamic, innovative, proactive, energetic and enthusiastic, who will drive forward a high quality diverse programme of events in 2017 for everyone to engage in.

As well as the programme of events, there are two other key strategic actions the Culture Team will work on in 2017. First is the submission for funding to Music Generation Phase 2 in partnership with Cavan County Council and Monaghan Cavan ETB, of which the County Council is fully supportive and which will support Pillar 1 of the Creative Ireland Programme. The second important piece of work to be carried out is the publication of a 5 year Cultural Plan for County Monaghan 2018-2022, which will complement and bring together elements of the Council's Arts Plan, Library Plan, Heritage Plan, Museum Plan whilst supporting the County Development Plan, LEC Plan and the Rural Action Plan.

I wish to acknowledge our Culture Team in putting together this Plan and hope to see as many people engage in the programme.

Eamonn O'Sullivan
Chief Executive

Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Mhuineacháin, is cúis lúcháire dom é Foireann Chultúir Mhuineacháin agus Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017 do Chontae Mhuineacháin a chur i láthair.

Tógfaidh an plean seo ar an gclár ollmhór rannpháirtíochta pobail in 2016 a bhí faoi stiúir na Comhairle Contae, lenar cuireadh an cultúr, na healaíona agus an chruthaitheacht i gcroílár na rannpháirtíochta pobail.

Tá an t-ádh dearg orainn go bhfuil foireann againn atá fuinniúil, nuálach, réamhghníomhach, bríomhar agus díograiseach, agus a bhrúfaidh clár iléagsúil ardchaighdeáin Imeachtaí chun cinn in 2017 inar féidir le gach duine páirt a ghlacadh.

Chomh maith le clár na n-imeachtaí, tá dhá phríomhghníomh straitéiseach eile ann ar a mbeidh an Fhoireann Chultúir ag obair in 2017. Ar dtús tá an t-iarratas ar chistiú atá le seoladh chuig Céim 2 Music Generation i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae an Chabháin agus BOO Mhuineacháin-an Chabháin, lena dtacaíonn an Chomhairle Contae go hiomlán agus lena dtacófar le Colún 1 de Chlár Éire Ildánach. Is é an dara píosa tábhachtach oibre atá le déanamh ná foilsiú Plean Cultúir 5 bliana do Chontae Mhuineacháin 2018-2022, a chomhlánfaidh gnéithe de Phlean Ealaíon, Plean Leabharlainne, Plean Oidhreachta agus Plean Músaem na Comhairle agus a thabharfaidh na gnéithe sin le chéile, agus a thacóidh leis an bPlean Forbartha Contae, an Plean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil agus an Plean um Fhorbairt Tuaithe.

Is mian liom aitheantas a thabhairt dár bhFoireann Chultúir as a gcuid oibre leis an bPlean seo a chur i dtoll a chéile agus tá súil agam go nglacfadh an líon céanna daoine páirt sa chlár.

Eamonn O'Sullivan
Príomhfheidhmeannach

The Creative Ireland Programme
CLÁR ÉIRE ILDÁNACH

The Creative Ireland Programme is the Government's Legacy Programme for Ireland 2016 – a five-year initiative, from 2017 to 2022, which places creativity at the centre of public policy. It is a high-level, high-ambition, all-of-government initiative to mainstream creativity in the life of the nation so that individually and collectively, in our personal lives and in our institutions, we can realise our full creative potential.

The Creative Ireland Programme is a culture-based programme designed to promote individual, community and national wellbeing. The core proposition is that participation in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant implications for individual and societal wellbeing and achievement.

The Creative Ireland Programme is also the main implementation vehicle for the priorities identified in the Government's policy document, Culture 2025 – Éire Ildánach, which states that arts and culture are intrinsic to the Irish State, acknowledges the need to increase access to and participation in the arts, boost our creative industries, and preserve our heritage with a particular focus on language, landscape and the environment.

The programme is built around the themes of identity, culture and citizenship. The core operating principles are Collaboration and Communication, Community Empowerment, and Internationalisation.

Is ionann Clár Éire Ildánach agus Clár Iarmhartach an Rialtais a d'eascair as Éire 2016 - tionscnamh cúig bliana, ó 2017 go 2022, a bhfuil sé mar aidhm leis an chruthaitheacht a chur i gcroílár an pholasaí phoiblí. Is tionscnamh ardleibhéil uaillmhianach uile-Rialtais é chun an chruthaitheacht a phríomhshruthú i saol na hÉireann ionas go mbeidh muid in ann ár gcumas cruthaitheach iomlán a bhaint amach go haonair agus le chéile, inár saoil phearsanta agus inár n-institiúidí.

Tionscnamh atá i gClár Éire Ildánach atá bunaithe ar an gcultúr agus atá leagtha amach le folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Is é an bunsmaoineamh go mbíonn rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir ina shiocair leis an gcruthaitheacht phearsanta agus le cruthaitheacht an chomhair agus go dtagann torthaí suntasacha dá bharr sin maidir le folláine an duine agus an phobail agus lena gcuireann an duine agus an pobal i gcrích.

Ina theannta sin, is é Clár Éire Ildánach an príomhchóras trína gcuirfear i bhfeidhm na tosaíochtaí a leagtar amach i ndoiciméad polasaí an Rialtais dar teideal Cultúr 2025/Éire Ildánach, ina luaitear gur gné bhunúsach de Stát na hÉireann na healaíona agus an cultúr agus ina n-admhaítear gur gá teacht a bheith níos furasta ar ghnéithe de na healaíona, rannpháirtíocht sna healaíona a bheith níos coitianta, borradh a chur faoi thionscail na cruthaitheachta agus an oidhreacht a chaomhnú, le béim faoi leith ar an teanga, ar an tírdhreach agus ar an timpeallacht.

Tá an clár bunaithe ar théamaí an aitheantais, an chultúir agus na saoránachta. Is iad na prionsabail lárnacha oibriúcháin atá ann ná an Comhar agus an Chumarsáid, Cumasú an Phobail, agus Idirnáisiúnú.

Local authorities have a crucial role in the overall local delivery of the entire Creative Ireland programme and are exclusively mandated, through their culture teams, to deliver Pillar 2 of the programme – Enabling Creativity in Every Community. This devolution of responsibility for Creative Ireland to local authorities is inspired by the extraordinary impact of collaborative local authority co-ordinated projects for the centenary of 1916.

This Plan sets out the beginning of our part in this five-year journey, a truly important national policy initiative centred on culture and wellbeing. Monaghan is a county historically steeped in cultural heritage and industry. It is renowned for its cultural and creative activity, with a wealth of vibrant heritage, arts and culture opportunities for everyone to learn and engage with.

The establishment in recent years of the Heritage Network and Arts Network has enabled and developed more community awareness and engagement in arts, culture and heritage. Both have identified hidden gems of cultural activity whilst discovering a wealth of talented people across the county, who were quietly working away unbeknown to the wider community. The Arts Network monthly showcase event, has been a tremendous success in showcasing and bringing to the fore the vast range of creative people living in our community from songwriters, poets, artists, local historians to digital media/technology.

Tá ról thar a bheith tábhachtach ag údaráis áitiúla i dtaca le Clár Éire Ildánach, ina iomláine, a chur i gcrích agus tá sainordú eisiach acu, trína gcuid meithleacha cultúir, Colún 2 den chlár a chur i gcrích - Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal. Tá cineachadh na freagrachta i leith an Chláir seo chuig na húdaráis áitiúla bunaithe ar thionchar urghnách na dtionscadal comhoibríoch a chomhordaigh údaráis áitiúla do chothrom céad bliain 1916.

Sa Phlean seo, leagtar amach tús ár róil sa turas cúig bliana seo, ar tionscnamh fíorthábhachtach polasaí náisiúnta é atá dírithe ar chultúr agus ar fholláine. Go stairiúil, is contae é Muineachán atá ar maos san oidhreacht chultúrtha agus i dtionsclaíocht. Tá cáil air as a ghníomhaíocht chultúrtha agus chruthaitheach, agus tá raidhse deiseanna bríomhara oidhreachta, ealaíon agus cultúir ann ar féidir le gach duine a fhoghlaim agus bheith páirteach iontu.

Mar gheall ar bhunú an Líonra Oidhreachta agus an Líonra Ealaíon le blianta beaga anuas rinneadh feasacht agus rannpháirtíocht an phobail sna healaíon, i gcultúr agus san oidhreacht a chumasú agus a fhorbairt. Tá seodra ceilte de ghníomhaíocht chultúrtha aimsithe ag an dá líonra agus tháinig siad freisin ar raidhse daoine cumasacha ar fud an chontae, a bhí ag obair leo go suaimhneach i ngan fhios don phobal i gcoitinne. Éiríonn go han-mhaith le himeacht míosúil mórthaispeántais an Líonra Ealaíon ó thaobh raon leathan na ndaoine cruthaitheacha atá inár bpobal a chur ar taispeáint, idir chumadóirí amhrán, fhilí, ealaíontóirí, staraithe áitiúla agus meáin dhigiteacha/teicneolaíocht.

Monaghan County Council's Culture Team, wish to build on these established networks and to work in conjunction with key cultural and heritage stakeholders in rolling out a diverse programme of events, which are open to everyone. The plan is to add value to established festivals such as the Carrickmacross Arts Festival, Clones Film Festival, Patrick Kavanagh Weekend whilst working with centres such as the Iontas Arts Theatre, Tyrone Guthrie Centre, Clones Arts Studio and local artists on particular projects. The establishment of a Traditional Arts Festival for young people will be a collaborative project between the cultural sector of the county council and community partners.

Alongside the programme of events, the team will be very busy researching, consulting and putting together a 5 year Creative and Cultural Plan 2018-2022 for County Monaghan. Public consultation will take place from May – August 2017 and we will use various means of consulting such as focus workshops, public surveys and networks such as PPN, Heritage, Arts, Library, and Museum.

Is mian le Foireann Chultúir Chomhairle Contae Mhuineacháin cur leis na líonraí sin atá ar an bhfód cheana agus oibriú i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara cultúir agus oidhreachta le clár iléagsúil imeachtaí a chur ar fáil, a bheidh ar oscailt do gach duine. Is é an plean luach a chur le féiltí seanbhunaithe ar nós Fhéile Ealaíon Charraig Mhachaire Rois, Féile Scannán Chluain Eois, Deireadh Seachtaine Patrick Kavanagh agus oibriú le hionaid ar nós Amharclann Ealaíon Iontas, Ionad Tyrone Guthrie, Stiúideo Ealaíon Chluain Eois agus ealaíontóirí áitiúla ar thionscadail áirithe. Bunófar Féile Ealaíon Traidisiúnta do dhaoine óga mar chomhthionscadal idir earnáil chultúir na comhairle contae agus comhpháirithe pobail.

Chomh maith leis an gclár imeachtaí, beidh an fhoireann gafa le taighde agus comhairliúcháin i dtaca le Plean Cultúir 5 bliana do 2018-2022 a chur le chéile do Chontae Mhuineacháin. Beidh comhairliúcháin poiblí ar siúl ó Bhealtaine - Lúnasa 2017 agus beidh muid ag úsáid modhanna éagsúla comhairliúcháin ar nós ceardlanna fócais, suirbhéanna poiblí agus líonraí ar nós an PPN agus na líonraí Oidhreachta, Ealaíon, Leabharlainne agus Músaem.

The Creative Ireland Team in Monaghan

FOIREANN ÉIRE ILDÁNACH MHUINEACHÁIN

The team engaged to lead the Creative Ireland Programme in County Monaghan (the Culture Team) will be coordinated by Deirdriu McQuaid, one of 31 national coordinators who work as a national team to deliver the Creative Ireland Programme. The role of the coordinator is to bring the key county council personnel together to work together on collaborative projects under the remit of the Creative Ireland Programme, oversee the publication of a 5-year plan and implementation of key actions with all members of the steering committee having particular roles in instigating the overall plan. The members of the Culture Team are:

Beidh an fhoireann a bheidh ag stiúradh Clár Éire Ildánach i gContae Mhuineacháin (an Fhoireann Chultúir) á comhordú ag Deirdriu McQuaid, duine de na 31 comhordaitheoirí naisiúnta a oibríonn mar fhoireann náisiúnta le Clár Éire Ildánach a chur i gcrích. Is é ról an chomhordaitheora príomhphearsanra na comhairle contae a thabhairt le chéile le hoibriú as lámha a chéile ar chomhthionscadail faoi shainchúram Chlár Éire Ildánach, maoirseacht a dhéanamh ar fhoilsiú plean 5 bliana agus príomhbhearta a chur i bhfeidhm. Beidh róil faoi leith ag gach ball den choiste stiúrtha ó thaobh an plean foriomlán a chur ar bun. Is iad seo a leanas baill na Foirne Cultúir:

Adge King

Director of Services

Adge King commenced work with Monaghan County Council in 1999 when he was appointed Director of Service with responsibility for the then newly established division of Community and Enterprise. Since then he has led up a number of different sections including Housing, Environment and is currently the Director with responsibility for Corporate Services and the Council's Cultural divisions. Prior to his appointment with MCC he was manager of the Cavan /Monaghan LEADER, Rural Development Co Op. and before that he was employed by Bailieboro Dairy Co Op where he led up the Farm Services Division.

Stiúrthóir Seirbhísí

Thosaigh Adge King ag obair le Comhairle Contae Mhuineacháin i 1999 nuair a ceapadh é mar Stiúrthóir Seirbhísí le freagracht as an rannán nuabhunaithe Pobail agus Fiontraíochta. Ó shin, tá ceannasaíocht glactha aige ar rannáin éagsúla lena n-áirítear Tithíocht, Comhshaol agus is é an Stiúrthóir faoi láthair le freagracht as Seirbhísí Corparáideacha agus rannáin Chultúir na Comhairle. Sular ceapadh é i gCCM bhí sé ina bhainisteoir ar chlár LEADER an Chabháin/Mhuineacháin, Comharchumann Forbartha Tuaithe, agus roimhe sin bhí sé fostaithe ag Comharchumann Déiríochta Choill an Chollaigh, áit a raibh sé i gceannas ar Rannán na Seirbhísí Feirme.

Deirdriu McQuaid

Librarian, Creative Monaghan Coordinator

Deirdriu McQuaid has worked with Monaghan County Council since 1997 in the library service involved with all aspects of library service delivery, has managed and coordinated a number of EU projects locally, regionally and in partnership with other EU countries. She established the new Cavan Monaghan Science Festival in 2016 and is involved with a number of national library initiatives.

Leabharlannaí, Comhordaitheoir Fhoireann Chultúir Mhuineacháin

Tá Deirdriu McQuaid ag obair le Comhairle Contae Mhuineacháin ó bhí 1997 ann sa tseirbhís leabharlainne, agus baint aici le gach gné de chur i gcrích na seirbhíse leabharlainne. Rinne sí bainistiú agus comhordú ar roinnt tionscadal AE go háitiúil, go réigiúnach agus i gcomhpháirtíocht le tíortha eile den AE. Bhunaigh sí Féile Eolaíochta nua an Chabháin/ Mhuineacháin sa bhliain 2016 agus tá baint aici le tionscnaimh leabharlainne náisiúnta áirithe.

Laura Carey

Librarian

Having previously worked in academic libraries, Laura joined Monaghan County Library Service as a Librarian in 2008. She has been involved in some exciting projects such as the Grundtvig Programme, a European initiative to promote life-long learning and in organising numerous events, lectures, outreach programmes and festivals.

Leabharlannaí

Tar éis di bheith ag obair i leabharlanna acadúla, chuaigh Laura i mbun oibre le Seirbhís Leabharlainne Chontae Mhuineacháin mar Leabharlannaí in 2008. Bhí baint aici le roinnt tionscadal spreagúil ar nós Clár Grundtvig, tionscnamh Eorpach chun foghlaim saoil a chur chun cinn agus bhí sí bainteach freisin le himeachtaí, léachtaí, cláir fhor-rochtana agus féiltí iomadúla a eagrú.

Somhairle MacConghail

Arts Officer

Somhairle MacConghail is the Arts Officer for Monaghan County Council and is actively involved in promoting the arts throughout the community he serves. Some of the key ways he achieves this are through the annual Harvest Time Blues Festival as well as the support offered to local artists through his facilitation of the Arts Council grant programme. He has recently being involved in a successful funding bid to have Clones Post Office in County Monaghan converted into a studio for local artists.

Oifigeach Ealaíon

Is é Somhairle McConghail Oifigeach Ealaíon Chomhairle Contae Mhuineacháin agus tá sé gníomhach i gcur chun cinn na n-ealaíon tríd an bpobal ar a bhfreastalaíonn sé. I measc na mbealaí trína mbaineann sé é sin amach tá Féile Ghormacha Harvest Time chomh maith leis an tacaíocht a thugtar d'ealaíontóirí áitiúla trína éascú de chlár deontas na Comhairle Ealaíon. Bhí baint aige le gairid le tairiscint chistiúcháin ar éirigh leis d'fhonn Postoifig Chluain Eois i gContae Mhuineacháin a athchóiriú ina stiúideo d'ealaíontóirí áitiúla.

Shirley Clerkin

Heritage Officer

Shirley Clerkin is the Heritage Officer for Monaghan County Council and her broad brief includes the promotion and protection of both the built and natural heritage of the county and the region. Shirley works in collaboration with numerous organisations both nationally and internationally to develop the understanding and appreciation of the bio diversity of this unique part of the Ireland as well as its archaeological heritage such as the current major research project on the Black Pig's Dyke, one of Europe's largest archaeological features.

Oifigeach Oidhreachta

Is í Shirley Clerkin Oifigeach Oidhreachta Chomhairle Contae Mhuineacháin agus i measc a sainchúram fairsing tá cur chun cinn agus cosaint na hoidreachta tógtha agus nádúrtha sa chontae agus sa réigiún. Oibríonn Shirley i gcomhar le heagraíochtaí iomadúla ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta le tuiscint agus meas a fhorbairt ar an mbithéagsúlacht sa taobh seo tíre chomh maith leis an oidhreacht sheandálaíochta atá le fáil ann, ar nós an mórthionscadail taighde reatha ar Chlaí na Muice Duibhe, ceann de na gnéithe seandálaíochta is mó san Eoraip.

Liam Bradley

Curator – County Museum

Liam Bradley has worked as Curator of Monaghan County Museum for over 15 years. Most recently he has been involved in the planning and production of County Monaghan's 1916 commemoration programme including the museum's multi award winning exhibition; 'From a Whisper to a Roar - Exploring the Untold Story of Monaghan 1916'. The museum is dedicated to the promotion of the cultural heritage and historical richness of the county and the region.

Coimeádaí – Músaem an Chontae

Tá Liam Bradley ag obair mar Choimeádaí Mhúsaem Chontae Mhuineacháin le níos mó ná 15 bliana. Le déanaí bhí baint aige le pleanáil agus táirgeadh chlár comórtha 1916 Chontae Mhuineacháin, lena n-áirítear taispeántas an mhúsaeim ar bronnadh gradam air; 'From a Whisper to a Roar - Exploring the Untold Story of Monaghan 1916'. Tá an músaem tiomanta do chur chun cinn oidhreacht chultúrtha agus saibhreas staire an chontae agus an réigiúin.

Fintan McPhillips

Senior Executive Officer
Economic & Community Development

Fintan McPhillips is Head of Community Development at Monaghan County Council (MCC) and Chief Officer of Monaghan Local Community Development Committee (LCDC). Joined MCC in December 2014, prior to which has extensive experience in a number of Government Departments, including Communications, Energy & Natural Resources; Education & Skills; National Council for Special Education; Agriculture & Food; and OPW. Currently involved in delivering LEADER and Peace IV Programmes in Monaghan.

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
Forbairt Eacnamaíoch & Pobail

Is é Fintan McPhilips Ceannaire na Forbartha Pobail i gComhairle Contae Mhuineacháin (CCM) agus Príomhoifigeach Choiste Forbartha Pobail Áitiúla Mhuineacháin (CFPÁ). Chuaigh sé i mbun oibre le CCM i mí na Nollag 2014, agus roimhe sin fuair sé a lán taithí i Ranna Rialtais éagsúla, lena n-áirítear an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha; an Roinn Oideachais & Scileanna; an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta; an Roinn Talmhaíochta & Bia; agus Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá sé bainteach faoi láthair le cláir LEADER agus Peace IV a chur i gcrích i gContae Mhuineacháin.

Carmel Thornton

Administrative Officer, Corporate Services,
Culture & Capital Projects

Carmel Thornton has worked with Monaghan County Council for the past 37 years and currently holds the position of Administrative Officer, Corporate Services, as well as the position of Meetings Administrator. She was the Ireland 2016 Co-ordinator for County Monaghan.

Oifigeach Riaracháin, Seirbhísí Corparáideacha,
Tionscadail Chultúrtha & Chaipitil

Tá Carmel Thornton le Comhairle Contae Mhuineacháin le 37 mbliana anuas agus is í an Oifigeach Riaracháin, Seirbhísí Corparáideacha anois, chomh maith le Riarthóir Cruinnithe. Ba Chomhordaitheoir Éire 2016 Chontae Mhuineacháin í.

Implementation
FORFHEIDHMIÚ

- Mailing Lists: The Cultural sections of the county council will use their mailing lists to update their members and stakeholders on the programme activities. We will establish a Creative Ireland emailing list as well, following public consultations.
- Social Media: We will set up a dedicated facebook and twitter account for Creative Monaghan, whilst utilising existing social media outlets such as Library, Museum, Arts, Heritage, County Council, PPN etc.
- Council Website: A new dedicated webpage on the County Council's website will be set up, which will be kept up to date with programme events. We will make use of the Map Alerts service and 'Whats on' Event calendar on the website. There will also be links to each Department's page, to the Creative Ireland website.
- County Council Meetings/SPC's: Presentations will be made at county council meetings, Municipality and SPC meetings. This will also include Chief Executive's Reports for council meetings.
- Public Networks: We will utilise the various public networks set up to channel information about the programme to the wider community such as the PPN, Arts Network, Heritage Network, Museum Network, Library Network and Youth Network.
- Local Media: When feasible and appropriate, we will use local media such as local newspaper and radio station to promote the programme activities.

- Liostaí Seachadta: Úsáidfidh rannáin Chultúir na comhairle contae a liostaí seachadta lena mbaill agus páirtithe leasmhara a chur ar an eolas maidir le gníomhaíochtaí an chláir. Cuirfidh muid liosta seachadta Éire Ildánach i dtoll a chéile freisin, tar éis na gcomhairliúchán poiblí.
- Meáin Shóisialta: Cuirfidh muid cuntais thiomnaithe facebook agus twitter ar bun d'Fhoireann Chultúir Mhuineacháin, agus úsáidfidh muid meáin shóisialta na Leabharlann, na Músaem, na nEalaíon, na hOidreachta, na Comhairle Contae, PPN etc.
- Suíomh Gréasáin na Comhairle: Cuirfear leathanach gréasáin tiomnaithe nua ar bun ar shuíomh gréasáin na Comhairle Contae, ar a mbeidh an t-eolas is déanaí faoi imeachtaí an chláir. Bainfidh muid leas as an tseirbhís Foláirimh Léarscála agus an Fhéilire Imeachtaí atá ar an suíomh gréasáin. Beidh naisc freisin chuig leathanach gach Roinn, chuig suíomh gréasáin Éire Ildánach.
- Cruinnithe na Comhairle Contae/Choistí um Chosaint Shóisialta: Déanfar cuir i láthair ag cruinnithe den chomhairle contae, cruinnithe bardachais agus cruinnithe choistí um chosaint shóisialta. Áireofar leis seo Tuarascálacha an Phríomhfheidhmeannaigh do chruinnithe na comhairle.
- Líonraí Áitiúla: Bainfidh muid úsáid as na líonraí poiblí éagsúla atá curtha ar bun chun eolas faoin gclár a scaipeadh ar an bpobal i gcoitinne ar nós an PPN, Líonra na nEalaíon, an Líonra Oidhreachta, Líonra na Músaem, Líonra na Leabharlann agus Líonra an Óige.
- Meáin Áitiúla: Nuair is indéanta agus nuair is cuí, bainfidh muid leas as na meáin áitiúla ar nós páipéar nuachta áitiúil agus stáisiún raidió le gníomhaíochtaí an chláir a chur chun cinn.

Projects
TIONSCADAIL

PART A – CREATIVE IRELAND PROGRAMME FUNDED STRATEGY PROJECTS FOR 2017

As well as programme of events, two important key strategic documents will be worked on in 2017 as follows:

Creative & Cultural Strategy
One of the key actions for the Monaghan Culture Team is to develop a 5 year Creative and Cultural strategy for the county. Public consultation will take place from May – August 2017.

Submission for Funding to Music Generation Initiative Phase2
Cavan and Monaghan Music Education Partnership (CMMEP), comprising of Cavan and Monaghan Education and Training Board (CMETB), Monaghan County Council and Cavan County Council, will be submitting a funding application under the Music Generation Initiative Phase 2.

CUID A – TIONSCADAL STRAITÉISE CHISTITHE FAOI CHLÁR ÉIRE ILDÁNACH DON BHLIAIN 2017

Chomh maith le clár imeachtaí, beifear ag obair ar dhá phríomhcháipéis straitéiseacha le linn 2017, mar a leanas:

Straitéis Chruthaitheach & Chultúir
Tá sé mar cheann de phríomhbhearta Fhoireann Chultúir Mhuineacháin straitéis Chruthaitheach agus Chultúir 5 bliana a fhorbairt don chontae. Beidh comhairliúchán poiblí ar siúl idir Bealtaine agus Lúnasa 2017.

Iarratas ar Chistiú faoi Chéim 2 de Thionscnamh Music Generation
Beidh Comhpháirtíocht Oideachais Cheoil an Chabháin agus Mhuineacháin, a chuimsíonn BOO an Chabháin agus Mhuineacháin, Comhairle Contae Mhuineacháin agus Comhairle Contae an Chabháin, ag déanamh iarratas ar chistiú faoi Chéim 2 de Thionscnamh Music Generation.

Projects
TIONSCADAIL

PART B – CREATIVE IRELAND PROGRAMME FUNDED PROJECTS FOR 2017

DRUM et Stedi I Irland (October 2017)
Krass Clement, a celebrated Artist from Denmark was awarded a Danish Artist Bursary, which he used in part as an Artist in Residence at the Tyrone Guthrie centre in 1991.While there he took a series of photographs on a single evening with only a few rolls of film while conversing with the men of Drum Village over some pints of stout. It has been stated that he captured them in a unique and compelling manner. His publication containing many of these shots was published in 1996 titled DRUM et Stedi I Irland and is considered as a ground breaking publication. Artist Krass Clement will return to Monaghan in association with The Gallery of Photography, Ireland and Monaghan County Council in late Autumn 2017. There will be various strands to his visit -

- His short films will be screened in association with The Clones Film Festival. The people from Drum will be specially invited to attend to view the early work of this great Artist as part of the familiarisation of both parties to each other.
- An exhibition of the work he created as part of his book will be on display jointly between the County Library and the Courthouse in Clones
- Krass Clement will give a talk on his work and legacy of his book, which may involve giving a copy of the book (Errata Editions) to those involved from Drum.

CUID B – TIONSCADAIL CHISTITHE FAOI CHLÁR ÉIRE ILDÁNACH DON BHLIAIN 2017

DRUM et Stedi I Irland (Deireadh Fómhair 2017)
Bronnadh Sparánacht Ealaíontóra de chuid na Danmhairge ar Krass Clement, Ealaíontóir iomráiteach ón Danmhairg, agus d'úsáid sé cuid di mar Ealaíontóir Cónaithe in ionad Tyrone Guthrie sa bhliain 1991. Le linn dó bheith ann thóg sé sraith grianghraf tráthnóna amháin le líon beag rolla scannán fad is a bhí sé ag déanamh comhrá le muintir an Droma agus iad ag ól cúpla pionta leanna. Tá sé ráite gur éirigh leis iad a léiriú ar bhealach uathúil iontach. Rinneadh a leabhar ina raibh cuid mhór de na grianghraif sin a fhoilsiú sa bhliain 1996 leis an teideal DRUM et Stedi I Irland agus meastar gur foilseachán ceannródaíoch é. Beidh an tEalaíontóir Krass Clement ag filleadh ar Mhuineachán i gcomhar leis an Gallery of Photography, Ireland agus Comhairle Contae Mhuineacháin ag deireadh Fómhar 2017. Beidh snáithí éagsúla ag baint lena chuairt -

- Déanfar a scannáin ghearra a thaispeáint i gcomhar le Féile Scannán Chluain Eois. Tabharfar cuireadh speisialta do na daoine ón Droim teacht agus saothar luath an mhór-Ealaíontóir seo a fheiceáil mar bhealach leis an dá pháirtí a chur in aithne dá chéile.
- Beidh taispeántas den saothar a chruthaigh sé mar chuid dá leabhar ar taispeáint idir Leabharlann an Chontae agus Teach na Cúirte i gCluain Eois.
- Tabharfaidh Krass Clement caint maidir lena shaothar agus an méid atá fágtha le hoidhreacht lena leabhar, agus d'fhéadfadh go dtabharfaí cóip den leabhar (Errata Editions) dóibh siúd ón Droim a bhí bainteach leis.

- Krass will follow his past footsteps by staying as a guest in the Tyrone Guthrie Centre.
- The Gallery of Photography, Ireland will be exploring a continuance or a contemporary version of what occurred back in 1991 by cataloguing and setting up family portrait sessions including the collation of existing family archival photographs from those left in the village.

Aspects to this project may involve exploring in more detail the dereliction, vacancy and isolation created in villages like Drum in more recent times.

The Black Pigs Dyke
An Artist Impression Project

We will commission the Artist Siobhán Mac Donald to respond to/engage with the Black Pigs Dyke, specifically with the findings and results from recent surveys. This will involve the artist engaging with an archaeologist regarding the earthworks known as the black pigs Dyke. This commissioned piece/work will be in an agreed medium, with a focus on the Black Pigs Dyke's archaeology, folklore, natural setting which will include scientific results from the past investigations. The work will aim to communicate or engage with the public about the uniqueness of these pre-historic earthworks through the dialogue and conversation initiated by the artist and her creation in her response to this project.

- Déanfaidh Krass mar a rinne sé san am a chuaigh thart nuair a fhanfaidh sé mar aoi in Ionad Tyrone Guthrie.
- Beidh an Gallery of Photography, Ireland ag féachaint le leanúint nó leagan comhaimseartha a chruthú den méid a thit amach i 1991 trí sheisiúin phortráide teaghlaigh a chatalógú agus a eagrú lena n-áireofar grianghraif chartlainne teaghlaigh ó na daoine atá go fóill sa sráidbhaile a thiomsú.
- D'fhéadfaí fiosrú níos mionsonraithe ar an dearóil, folúntas agus aonrú a cruthaíodh le déanaí i sráidbhailte ar nós an Droma bheith i gceist le gnéithe den tionscadal seo.

Claí na Muice Duibhe
Tionscadal Imprisin Ealaíontóra

Déanfaidh muid an tEalaíontóir Siobhán Mac Donald a choimisiúnú le freagairt a thabhairt ar/dul i ngleic le Claí na Muice Duibhe, go sonrach le tátail agus torthaí shuirbhéanna le déanaí. Beidh an t-ealaíontóir i dteagmháil go gníomhach le seandálaí maidir leis na créfoirt ar a dtugar Claí na Muice Duibhe. Cuirfear an saothar coimisiúnaithe seo i láthair trí mheán comhaontaithe, le fócas ar sheandálaíocht, bhéaloideas agus shuíomh nádúrtha Chlaí na Muice Duibhe, lena n-áireofar torthaí eolaíocha na bhfiosrúchán a rinneadh roimhe seo. Beidh sé mar aidhm leis an obair cumarsáid nó teagmháil a dhéanamh leis an bpobal maidir le huathúlacht na gcréfort réamhstairiúil seo trí idirphlé agus comhrá a thosóidh an t-ealaíontóir agus a saothar mar fheagairt don tionscadal seo.

Crystalline: An Exhibition by Siobhan MacDonald

This exhibition arises out of Siobhan MacDonald's on-going inquiry into how humanity has become the dominant force of change on the planet. She has been working with some of the world's leading scientists at University College Dublin and the European Space Agency on this inquiry into the Arctic Circle. Her forthcoming exhibition seeks to merge the artistic and the scientific and the interconnectedness of both, highlighting how visual art can unleash the potential infinity encapsulated in a given story. An educational programme and talk series will run in conjunction with the Monaghan Science Festival. The artist is proposing a series of talks from geographers, geologists, marine researchers and architects who will explore the complexity of our current environment. The bringing together of different disciplines will provide a platform to discuss and look closely at what the future might hold. (The Market House, Monaghan, September – November 2017)

Windy Toons Traditional Arts Festival for Young Audiences

A traditional arts festival for young audiences in Co. Monaghan which will enhance traditional arts in the county through a diverse, innovative, & high quality programme for school & family audiences incorporating traditional music, song, dance, & storytelling. This festival will collaborate with local partners to create a strong festival infrastructure and will take place in various venues across the county. (Across Co. Monaghan, 24-28 October 2017)

Crystalline: Taispeántas le Siobhan MacDonald

Eascraíonn an taispeántas seo ó fhiosrú leanúnach Siobhan MacDonald ar conas a tharla sé gurb é an cine daonna anois príomhfhórsa athraithe an phláinéid. Tá sí ag obair le cuid de phríomheolaithe an domhain sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa ar an bhfiosrú seo ar an gCiorcal Artach. Lena taispeántas atá le teacht, féachtar le réimse na healaíne agus na heolaíochta agus a n-idircheangail a chumasc, ar an tslí sin ag tarraingt aird ar chumas na n-amharcealaíona an éigríoch fhéideartha atá i scéal a fhuascailt.Beidh clár oideachais agus sraith cainteanna á reáchtáil i gcomhar le Féile Eolaíochta Mhuineacháin. Tá sraith cainteanna á moladh ag an ealaíontóir, ó gheografaithe, geolaithe, taighdeoirí mara agus ailtirí a phléifidh castacht ár gcomhshaoil reatha. Trí dhisciplíní éagsúla a thabhairt le chéile cuirfear ardán ar fáil leis an méid atá romhainn sa todhchaí a chíoradh agus féachaint go grinn air. (Teach an Mhargaidh, Muineachán, Meán Fómhair – Samhain 2017)

Féile Ealaíon Traidisiúnta Windy Toons don Aos Óg

Féile ealaíon traidisiúnta don aos óg i gCo. Mhuineacháin, a chuirfidh feabhas ar na healaíona traidisiúnta sa chontae le clár iléagsúil, nuálach, ardchaighdeáin do scoileanna agus teaghlaigh lena gcuimseofar ceol, amhránaíocht, damhsa agus scéalaíocht. Beifear ag comhoibriú le comhpháirithe áitiúla le hinfreastruchtúr láidir féile a chruthú agus beidh sé ar siúl in ionaid éagsúla ar fud an chontae. (Ar fud Cho. Mhuineacháin, 24-28 Deireadh Fómhair 2017)

The Italian Theatre Company TEATRO DUE MONDI from Faenza, Italy visits Monaghan (August 2017)

Teatro Due Mondi is an independent theatre group from Faenza in Italy. The group has been doing theatre research and theatre pedagogy for over 30 years and is composed by 11 permanent members and about 12 volunteers. The artistic research of the actors/teachers is based on auto-pedagogical processes that generate shows and that stimulate diversified educational activities. Teatro Due Mondi will be visiting Monaghan during August and will link in with the Carrickmacross Arts Festival & one other partner with the following shows:

- Carosello - street theatre show with a very contemporary story about tolerance and welcoming people from abroad where the audience is directly involved. The show features the characters of The Bremen Town Musicians and transforms the traditional fairy-tale into a new and contemporary story taking place in the streets of European cities. The message of this story is told in a poetic, ironic and subtle way, allowing the spectators to think for themselves about our contemporary world and its changes: a world where it's still possible to dream and where all people come together in a big carrousel of colours.

Cuairt á tabhairt ar Mhuineachán ag an gCompántas Amharclannaíochta Iodálach, TEATRO DUE MONDI as Faenza na hIodáile (Lúnasa 2017)

Is grúpa neamhspleách amharclannaíochta as Faenza na hIodáile é Teatro Due Mondi. Tá an grúpa ag gabháil de thaighde agus oideolaíocht amharclannaíochta le breis agus 30 bliain agus cuimsíonnn sé 11 chomhalta buan agus tuairim is 12 oibrithe deonacha. Tá taighde ealaíonta na n-aisteoirí/múinteoirí bunaithe ar phróisis uath-oideolaíochta lena gcruthaítear seónna agus lena spreagtar gníomhaíochtaí oideachasúla éagsúla. Beidh Teatro Due Mondi ag tabhairt cuairt ar Mhuineachán le linn mhí Lúnasa agus beidh siad ag nascadh le Féile Ealaíon Charraig Mhachaire Rois agus comhpháirtí amháin eile leis na seónna seo a leanas:

- Carosello - seó amharclannaíochta sráide le scéal an-chomhaimseartha faoi chaoinfhulaingt agus fáilte a chur roimh dhaoine as áiteanna thar lear, ina mbíonn páirt dhíreach ag an lucht féachana. Mar chuid den seó tá carachtair na Bremen Town Musicians agus aithrítear an finscéal sí traidisiúnta go scéal nua comhaimseartha a tharlaíonn ar shráideanna chathracha na hEorpa. Cuirtear teachtaireacht an scéil in iúl ar bhealach fileata, íorónach agus caolchúiseach, lena dtugtar deis don lucht féachana a n-intinn féin a dhéanamh suas faoi dhomhan an lae inniu agus na hathruithe atá ag teacht air: domhan inar féidir go fóill aisling a bheith agat agus ina dtagann na daoine go léir le chéile i dtimpeallán mór dathanna.

- Fiesta - street parade with the best ingredients of Italian street theatre culture: stilts, masks, rhythm and traditional singing. FIESTA is an itinerary performance which transforms streets into a festival of South-American flair. Drum rhythms, three-metre-long figures with faces of papier-mâché, colourful patched costumes, banners, whistles and fire.

Culture Night 2017 (Friday 22 September)

An evening of free events will take place throughout the county, where cultural and heritage centres will remain open late. The Monaghan Creative Team will work with local groups and organisations to present an evening of fun, interactive, family friendly events.

Japanese Themed Evening at The County Museum

To mark the 60th anniversary of diplomatic relations between Ireland and Japan the museum will present an entire programme of Japanese themed events. These will include live demonstrations of the Japanese Martial Art known as Kendo. There will also be a series of workshops focusing on Japanese traditional clothing. The ancient art of paper folding called origami will also be demonstrated through a number of interactive workshops. The highlight of the evening's festivities will be a stunning and powerful performance of the world renowned Japanese drumming known as Taiko. The entire event will provide participants with the opportunity to interact with another culture's language, tradition and beliefs in a creative, inclusive and fun way.

- Fiesta - mórshiúl leis na gnéithe is fearr de chultúr amharclannaíochta sráide na hIodáile: cosa croise, maisc, rithim agus amhránaíocht thraidisiúnta. Is ionann FIESTA agus taibhiú taistil lena n-athraítear na sráideanna go féile lán ealaín Mheiriceá Theas. Rithim drumaí, fíoracha trí mhéadar ar fad le haghaidheanna déanta as papier-mâché, cultacha le paistí dathúla orthu, meirgí, feadóga agus tine.

Oíche Chultúir 2017 (Dé hAoine, an 22 Meán Fómhair)

Beidh tráthnóna d'imeachtaí saor in aisce ar siúl ar fud an chontae, nuair a choinneofar ionaid chultúir agus oidhreachta ar oscailt go déanach. Beidh Foireann Chultúir Mhuineacháin ag obair le grúpaí agus eagraíochtaí áitiúla chun tráthnóna lán imeachtaí teaghlaigh spraíúla idirghníomhacha a chur le chéile.

Tráthnóna Seapáineach at Músaem an Chontae

Le comóradh a dhéanamh ar 60 bliain de chaidrimh thaidhleoireachta idir Éirinn agus an tSeapáin cuirfidh an músaem clár iomlán imeachtaí le téama Seapáineach i láthair. Áireofar léirithe beo den ealaín chomhraic Sheapáineach ar a dtugtar Kendo. Beidh sraith ceardlann ann freisin ina ndíreofar ar éadaí traidisiúnta na Seapáine. Déanfar an ealaín ársa fillte páipéir ar a dtugtar origami a léiriú freisin le roinnt ceardlann idirghníomhach. Mar bhuaicphointe an tráthnóna beidh taibhiú cumhachtach iontach den drumadóireacht iomráiteach Sheapáineach, Taiko. Tabharfaidh an imeacht iomlán deis do rannpháirtithe idirghníomhú le teanga, traidisiún agus creidimh chultúir a chéile ar bhealach cruthaitheach, uileghabhálach agus spraíúil.

Hello Delia Murphy at The County Library:
Sit back and be enthralled by the songs and story of the iconic Delia Murphy sung in her own unique style. A one woman-show by her niece, Carmen Cullen and music by Gerry Anderson. Roll back the years with The Spinning Wheel and other much loved songs, and a dramatized reading as part of the show. No woman performer made a bigger impact on the Irish entertainment scene than Delia Murphy. She was a unique personality onstage and off and is credited with laying the groundwork for the Irish Folk-Revival.

Cavan Monaghan Science Festival
(12 – 19 November)
A week long programme of activities to engage all members of the public in science, technology, engineering, arts and maths with particular focus on how science and technology is hugely relevant to us all in our everyday life and to develop creativity in our children. For 2017, there will be an emphasis on supporting pillars 1 and 2 of the Creative Ireland programme, with a host of workshops on coding, using art and crafts to learn about science, and exploring biodiversity, the environment, and our heritage. The festival will have some of the best national and international scientists, artists, researchers and speakers, who will demonstrate, showcase and discuss a broad range of subjects. The week will conclude with a free Family Fun Day with workshops, demonstrations, storytelling and music.

Hello Delia Murphy @ Leabharlann an Chontae
Suigh siar agus bain taitneamh as amhráin agus scéal Delia Murphy, ceolta ina stíl uathúil féin. Seó aonmhná curtha le chéile ag a neacht, Carmen Cullen le ceol ó Gerry Anderson. Téigh siar ar bhóithrín na smaointe le The Spinning Wheel agus amhráin eile a bhfuil cion mór orthu, agus léamh drámata mar chuid den seó. Ní raibh tionchar níos mó ag aon bhantaibheoir ar réimse siamsaíochta na hÉireann ná mar a bhí ag Delia Murphy. Ba phearsa uathúil í ar an ardán agus ar shiúl uaidh agus tá sé curtha síos di gur réitigh sí an slí d'athbheochan cheol tíre na hÉireann.

Féile Eolaíochta an Chabháin-Mhuineacháin
(12 - 19 Samhain)
Clár gníomhaíochtaí seachtaine inar féidir leis an bpobal uile páirt a ghlacadh san eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht, na healaíona agus matamaitic le fócas faoi leith ar ábharthacht ollmhór na heolaíochta agus na teicneolaíochta dár saoil laethúla uile agus d'fhonn an chruthaitheacht a chothú i measc ár bpáistí. Do 2017, cuirfear béim ar thacú le colúin 1 agus 2 de chlár Éire Ildánach, le raon leathan ceardlann maidir le códú, úsáid a bhaint as ealaín agus ceardaíocht chun foghlaim faoin eolaíocht, agus an bhithéagsúlacht, an comhshaol agus ár n-oidhreacht a fhiosrú. Beidh cuid ne na heolaithe, ealaíontóirí, taighdeoirí agus cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr ag an bhféile, a dhéanfaidh raon leathan ábhar a léiriú, a chur ar taispeáint agus a phlé. Cuirfear clabhsúr leis an tseachtain le Lá Spraoi Teaghlaigh saor in aisce, ag a mbeidh ceardlanna, léirithe, scéalaíocht agus ceol.

Promotional Events 2017
IMEACHTAÍ POIBLÍOCHTA 2017

Summer Fab Labs at Monaghan County Museum (June-July 2017)
A series of creative workshops for young children to engage in, such as Comic Strip Creation, Lantern making, Weaving and Archaeology summer camp. More information can be found at www.monaghan.ie/museum

Monaghan Makers at Monaghan Libraries (July- August 2017)
A series of creative workshops including coding, digital media, traditional arts and crafts. More information can be found at www.monaghan.ie/library

Beyond the Typewriter
Writers & Readers Seminar
(Clones Library Saturday 14 October 2017)
We are very fortunate in Monaghan to have a very dynamic literary scene with many famous authors, poets and playwrights. The reader's day event will showcase and support top Irish Authors and emerging talent in 2017 by welcoming them to Clones Library. The event will reflect the creativity and character of the Irish writing scene allowing readers, bookworms and aspiring authors to actively engage with arts and culture. Those in attendance will engage with the authors as they read from their work, chat about what inspires them and what the life of an author is really like. This event will help unleash the full creative potential of all aspiring authors in Monaghan.

Summer Fab Labs @ Músaem Chontae Mhuineacháin (Meitheamh-Iúil 2017)
Sraith ceardlann cruthaitheach inar féidir le páistí óga páirt a ghlacadh, ar nós Stiallchartúin a Chruthú, Déanamh Lóchrann, Fíodóireacht agus campa samhraidh Seandálaíochta. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag www.monaghan.ie/museum

Monaghan Makers @ Leabharlanna Mhuineacháin (Iúil- Lúnasa 2017)
Sraith ceardlann cruthaitheach lena n-áirítear códú, meáin dhigiteacha, ealaíona agus ceardaíocht thraidisiúnta. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag www.monaghan.ie/library

Beyond the Typewriter
Seimineár do Scríbhneoirí agus Léitheoirí
(Leabharlann Chluain Eois Dé Sathairn, an 14 Deireadh Fómhair 2017)
Tá an t-ádh dearg orainn i Muineachán go bhfuil saol an-bhríomhar liteartha ann, le go leor leor údar, filí agus drámadóirí mór le rá. Mar chuid de lá na léitheoirí, déanfar Údair mhóra Éireannacha agus daoine cumasacha atá ag teacht chun cinn in 2017 a chur ar taispeáint agus tacófar leo trí fáilte a chur rompu chuig Leabharlann Chluain Eois. Léireofar leis an imeacht cruthaitheacht agus carachtar saol scríbhneoireachta na hÉireann agus tabharfar deis do léitheoirí, lucht craosach leabhar agus údair uaillmhianacha dul i dteagmháil go gníomhach leis na healaíona agus leis an gcultúr. Bunóidh an lucht freastail caidreamh leis na húdair agus iad ag léamh óna gcuid saothar, ag labhairt faoin méid a thugann inspioráid dóibh agus faoin gcineál saoil a bhíonn ag údar i ndáiríre. Cabhróidh an imeacht cumas cruthaitheach iomlán na n-údar uaillmhianach go léir i Muineachán a fhuascailt.

Market House, Monaghan
Art and exhibition space, performance space.
www.monaghan.ie/arts

National Heritage Week
19 – 27 August 2017
www.monaghan.ie/heritage

Harvest Time Blues Festival
2 – 4 September 2017
www.harvestblues.ie

Clones Film Festival
26 – 29 October 2017
www.clonesfilmfestival.com

Patrick Kavanagh Centre
Inniskeen Road July Evening Festival: 15 – 16 July
Annual Patrick Kavanagh Weekend: 29 Sept – 1 October, www.patrickkavanaghcountry.com

MOPOSOG's – Monaghan Poets and Song Writers Group
Meet on the first and third Wednesday of each month in the Market House, this is a focus group for poets, songwriters and short story writers.
www.facebook.com/moposogs

Monaghan ARTS Network
Showcase event takes place on the last Wednesday of each month in the Market House, with 4 to 5 acts from various genres of the arts making presentations or performance.
www.monaghanartsnetwork.com

Teach an Mhargaidh, Muineachán
Spás ealaíne agus taispeántais, spás taibhithe.
www.monaghan.ie/arts

An tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta
19 – 27 Lúnasa 2017
www.monaghan.ie/heritage

Féile Ghormacha Harvest Time
2 – 4 Meán Fómhair 2017
www.harvestblues.ie

Féile Scannán Chluain Eois
26 – 29 Deireadh Fómhair 2017
www.clonesfilmfestival.com

Ionad Patrick Kavanagh
Féile Iniskeen Road July Evening:
15 – 16 Iúil. Seachtain Bhliantúil Patrick Kavanagh:29 MF – 1 DF.
www.patrickkavanaghcountry.com

MOPOSOG – Grúpa Filí agus Cumadóirí Amhrán Mhuineacháin
Tagann an grúpa le chéile ar an gcéad agus an tríú Chéadaoin gach mí i dTeach an Mhargaidh. Is grúpa fócais é seo d'fhilí, cumadóirí amhrán agus cumadóirí gearrscéalta. www.facebook.com/moposogs

Líonra ARTS Mhuineacháin
Bíonn imeacht mórthaispeántais ar siúl ar an gCéadaoin dheireanach de gach mí i dTeach an Mhargaidh, nuair a dhéanann 4 nó 5 ealaíontóir nó grúpa ealaíontóirí as seánraí éagsúla na n-ealaíon léirithe nó taibhithe a chur i láthair.
www.monaghanartsnetwork.com

Iontas Arts Theatre
The theatre provides a venue for touring theatrical groups, music, local drama groups as well as Art exhibition space. www.iontascastleblayney.ie

Garage Theatre
The theatre provides a venue for touring theatrical groups who produce a high quality of professional theatre. It also acts as a space for local amateur groups and is a resource for the local community.
www.garagetheatre.com

Clones Arts Studios
Affordable Art Studios for Professional Artists, located in the old Post Office in Clones, Monaghan. We offer studios for all artists. A programme of classes takes place throughout the year. www.clonesartstudios.com

Ionad Ealaíon Iontas
Cuirtear ionad ar fáil san amharclann do ghrúpaí amharclannaíochta ar camchuairt, do cheol, do ghrúpaí drámaíochta áitiúla chomh maith le spás taispeántais Ealaíne. www.iontascastleblayney.ie

Garage Theatre
Cuirtear ionad ar fáil san amharclann do ghrúpaí amharclannaíochta ar camchuairt a chuireann amharclannaíocht ghairmiúil ardchaighdeáin i láthair. Feidhmíonn sé freisin mar spás do ghrúpaí áitiúla amaitéaracha agus is acmhainn é don phobal áitiúil. www.garagetheatre.com

Stiúideoanna Ealaíon Chluain Eois
Stiúideonna ealaíon ar phraghas réasúnta d'Ealaíontóirí Gairmiúla, lonnaithe i Sean-Oifig an Phoist i gCluain Eois, Muineachán. Tá stiúideonna ar fáil againn do gach cineál ealaíontóra. Bíonn clár ranganna ar siúl ar feadh na bliana. www.clonesartstudios.com

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022